



An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice

Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn

Tuarascáil Bhliantúil 2020

www.blueblindfold.gov.ie



Clár na nÁbhar

RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN	2
1. MÍNIÚ AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE	5
CÉARD É GÁINNEÁIL AR DHAOINE?.....	5
CÉN FÁTH A dTARLAÍONN GÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS CÁ hÁIT A dTARLAÍONN SÍ	6
SMUIGLÉAIL DAOINE VS. GÁINNEÁIL AR DHAOINE.....	7
2. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE IN ÉIRINN	8
FORLÉARGAS AR 2020	8
SONRAÍ 2016-2020	10
3. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE SAN EORAIP	13
4. FREAGAIRT NA hÉIREANN I LEITH NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE	15
DLÍ IDIRNÁISIÚNTA	15
AN CREAT DLÍTHIÚIL IN ÉIRINN	15
TACAÍOCHTAÍ STÁIT D'ÍOSPARTAIGH	16
COIR NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE A CHOMHRAC.....	19
PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA	20
5. MEASÚNUITHE AGUS COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA.....	21
TUARASCÁIL 2020 NA STÁT AONTAITHE maidir le 'DAOINE A GHÁINNEÁIL'	21
6. DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2020	24
TIONSCADAIL FAOIN bPLEAN NÁISIÚNTA GNÍOMHAÍOCHTA	24
IMEACHTAÍ MÉADAITHE FEASACHTA.....	25
OILIÚINT.....	28
TAIGHDE	29
MAOINIÚCHÁN	31

RÉAMHRÁ AGUS ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Is cúis áthais don Roinn Dlí agus Cirt an dara tuarascáil bhliantúil déag ar Gháinneáil ar Dhaoine in Éirinn (2020) a thíolacadh ar tuarascáil í a chlúdaíonn an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2020.

Comhlíonann an tuarascáil oibleagáidí tuairiscithe na hÉireann faoi Airteagal 19 de Threoir AE maidir le Gáinneáil ar Dhaoine (2011/36/EU)¹.

Seo a leanas struchtúr na tuarascála seo:

- I gCaibidil 1 tugtar sainmhíniú ar gháinneáil ar dhaoine agus tugtar míniú ar shaintréithe na gáinneála ar dhaoine
- I gCaibidil 2 tugtar staitisticí faoi íospartaigh na gáinneála ar dhaoine de réir mar atá sainaitheanta ag Éirinn don bhliain 2020
- I gCaibidil 3 tugtar achoimre ar mhéid na gáinneála san Eoraip
- I gCaibidil 4 tugtar cur síos ar fhreagairt Stáit agus Eagraíochtaí Neamhrialtasacha na hÉireann i leith choir na gáinneála agus i leith cúram a sholáthar d'íospartaigh.
- I gCaibidil 5 díreann ar iarrachtaí na hÉireann chun gáinneáil a chomhrac agus chun tacaíochtaí a chur ar fáil d'íospartaigh.
- I gCaibidil 6 tugtar cur síos ar ghníomhartha suntasacha agus ar dhul chun cinn suntasach a rinneadh sa bhliain 2020 maidir le cuspóirí an Phlean Náisiúnta Gníomhaíochta i gcoinne na gáinneála ar dhaoine a bhaint amach.

In Éirinn, shainaithin an Garda Síochána 38 íospartach a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine sa bhliain 2020. Ba íospartaigh dúshaothraithe ghnéasaigh iad 26 dhuine díobh sin, ba íospartaigh dúshaothraithe saothair iad 10 nduine díobh agus ba íospartaigh coiriúlachta éigeantaí iad beirt díobh. Léiríonn na figiúirí sin laghdú 4 ar na 42 chás a tuairiscíodh i leith na bliana 2019. Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo, is le dúshaothrú gnéasach a bhain formhór mór na dteagmhas gáinneála ar dhaoine a tuairiscíodh in Éirinn sa bhliain 2020.

Ach is dócha go bhfuil an líon iarbhir go mór níos airde ós rud é nach mbraitear cuid mhór íospartach. D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach staidéar staitistiúil maidir le gáinneáil ar dhaoine san Aontas Eorpach agus, sa tuarascáil sin, léiríodh go raibh 20,532 dhuine, idir fhir, mhná agus leanaí, cláraithe mar íospartaigh gháinneála san Aontas Eorpach sa tréimhse 2015-2016.

Ní raibh aon chiontuith ann sa bhliain 2020 mar gheall ar chionta gáinneála ar dhaoine agus is maith a thuigtear na deacrachtaí a bhaineann le ciontuith a bhaint amach in aghaidh gáinneálaithe. Tá an Garda Síochána ag leanúint de roinnt cásanna a dhúshaothrú go dian ar cásanna iad a tionscnaíodh roimh an mbliain 2020 agus chuir siad tús le caingne maidir le roinnt cásanna nua i rith na bliana 2020.

Déanann Roinn Stáit na Stát Aontaithe measúnú gach bliain ar ghníomhartha de chuid tíortha ar fud an domhain chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Rangaíodh Éire mar rátáil Liosta Faire Leibhéal 2 i dTuarascáil 2020 ar Gháinneáil ar Dhaoine a léiríonn nach gcomhlíonann rialtas na hÉireann "... íoschaighdeáin an Achta um Chosaint Íospartach Gáinneála ach go bhfuil iarrachtaí suntasacha á ndéanamh acu chun na caighdeáin sin a chomhlíonadh".

¹ Déanfaidh na Ballstáit na bearta riachtanacha chun rapóirtéirí náisiúnta nó sásraí coibhéiseacha a bhunú. I measc chúraimí na sásraí sin áireofar measúnachtaí a dhéanamh ar threochtaí maidir le gáinneáil ar dhaoine, tomhas a dhéanamh ar thorthaí gníomhaíochtaí in aghaidh na gáinneála, lena n-áirítear staitisticí a bhailiú i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí sochaí sibhialta iomchuí atá gníomhach sa réimse seo, agus tuairisciú a dhéanamh’.

De réir an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac, tugtar gealltanas go gcinnteoidh an Roinn Dlí agus Cirt go mbeidh maoiniúchán ar fáil d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha atá gníomhach i réimse na gáinneála ar dhaoine. Tríd an ngealltanas sin, tugtar aitheantas don ról atá ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha maidir le cabhrú le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine rochtain a fháil ar na tacaíochtaí riachtanacha chun cabhrú leo téarnamh ón uafás a d'fhulaing siad. In 2020, chuir an Roinn maoiniú ar fáil do roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha atá gníomhach i réimse na gáinneála ar dhaoine ar suim €687,254¹, méadú 51% ar an leithdháileadh maoinithe do 2019.

I nDeireadh Fómhair na bliana 2020, ainmníodh an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) go hoifigiúil mar Rapóirtéir Náisiúnta neamhspleách na hÉireann i leith Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus tá an t-ainmniúchán sin á dhéanamh faoi airteagal 19 de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gáinneáil ar Dhaoine. I measc fhreagrachtaí an Rapóirtéara Náisiúnta áireofar faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta i leith gáinneáil a chosc agus páirt ghníomhach a ghlacadh, ar leibhéal náisiúnta, i mbailiú sonraí maidir le gáinneáil ar dhaoine.

Mar thoradh ar an obair i rith 2020 cheadaigh an rialtas i mBealtaine 2021 Meicníocht Atreoraithe Náisiúnta nua a chruthú a cheadódh aistriú bunúsach chuig ár múnla chun íospartaigh a aithint, i gcás nach mbeidh an Garda Síochána freagrach as aithint na n-íospartach agus ina ionad sin tabharfar ról níos lárnaí do ghníomhaireachtaí Stáit eile. Spreagfaidh an cur chuige iomlánaíoch seo níos mó íospartach teacht chun cinn agus rochtain a fháil ar na tacaíochtaí agus na cosaintí atá ar fáil agus, in am, tógfaidh sé dóthain muiníne agus féinmhuiníne chun fianaise a thabhairt in ionchúisimh choiriúla.

Tá fóram curtha ar bun ag an Roinn Dlí agus Cirt d'íospartaigh agus do gheallsealbhóirí chun bealaí feabhsúcháin a scrúdú maidir le gáinneáil ar dhaoine. Is éard atá san fhóram geallsealbhóirí eagraíochta Stáit, gníomhaireachta agus sochaí sibhialta a oibríonn le chéile chun tacaíochtaí a sholáthar d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine le baill shaineolacha chun ábhair mar an Mheicníocht Atreoraithe Náisiúnta, cóiríocht speisialaithe, saothair forfheidhmithe agus saincheisteanna tosaíochta eile a scrúdú.

Cuireadh roinnt tionscadal taighde i gcrích in 2020, an Tionscadal ar Pheirspictíochtaí Gáinneála ar Chuspóirí Dúshaothrú Gnéasach in Éirinn, agus an Tionscadal Taighde um Dhúshaothrú Gnéasach (SERP). Leanadh den obair i rith 2020 ar an Tionscadal Gáinneála ar Dhaoine agus Dúshaothrú ar Oileán na hÉireann (HTEPII - tionscadal Santa Marta) agus seoladh an tuarascáil dheiridh in Aibreán 2021. Cuirfidh siad seo go léir bonn eolais faoi fheidhm bheartais agus foirne taighde agus anailíse sonraí na Roinne Dlí agus Cirt.

Ag seoladh ar Lá an AE um Gháinneáil ar Dhaoine, 12 Deireadh Fómhair, sheol an tAire McEntee agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce Éireann tionscnamh feasachta poiblí in aghaidh gháinneáil ar dhaoine a chuimsigh bearta ardaithé feasachta ar na meáin shóisialta agus i

¹ Is ardú 51% é seo ar an mbliain 2019

bpríomh-mhoil iompair, chun na teachtaireachtaí a chuireann an duine sin in iúl. Is coir í an gháinneáil agus gur féidir leas a bhaint as duine ar bith, agus cumhacht a thabhairt don phobal comharthaí na gáinneála ar dhaoine a aithint.

Mhainigh an Roinn Dlí agus Cirt roinnt eagraíochtaí neamhrialtasacha agus geallsealbhóirí san earnáil frith-gháinneála ar dhaoine le haghaidh tionscnamh a dhíríonn ar ardú feasachta agus oiliúint d'fhoireann túslíne, stáit, údarás áitiúil agus an tsochaí shibhialta maidir le gáinneáil ar dhaoine - cad ba cheart a bheith ag faire air, cad atá le déanamh, cá bhfaighidh tú cabhair.

Tá an Roinn ag leanúint den láithreán gréasáin ar a dtugtar 'Blue Blindfold' www.blueblindfold.gov.ie a chothabháil, ar láithreán gréasáin é ar a soláthraítear forléargas sothuigthe i dtaobh conas a thagann an choir chun cinn in Éirinn, i dtaobh conas is féidir le daoine den phobal comharthaí na gáinneála a aithint agus a thuairisciú agus i dtaobh conas a thacaíonn an Stát le híospartaigh na gáinneála sin tar éis iad a shainithint. Nuashonraíodh láithreán Gréasáin Blue Blindfold in 2020 le comhéadan nua atá éasca le húsáid, faisnéis athbhreithnithe agus nuashonraithe agus sonraí teagmhála. Cuireadh tuilleadh faisnéise teagmhála le soláthraithe seirbhíse túslíne ENR san earnáil foréigin teaghlaigh agus gnéis. Tá an tuarascáil seo, agus na tuarascálacha a bhí ann roimhe seo faoin ábhar seo, ar fáil ar an láithreán gréasáin sin. Spreagann móitíf an 'Blue Blindfold' do dhaoine den phobal gan neamhshuim a dhéanamh de chomharthaí na gáinneála ar dhaoine.

An Roinn Dlí agus Cirt
Bealtaine 2021

1. MÍNIÚ AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE

CÉARD É GAINNEÁIL AR DHAOINE

Is coir é Gáinneáil ar Dhaoine agus is sárú ar chearta an duine é. Le gur féidir staid a bheith ina staid gáinneála, ní mór trí ghné shainiúla (gníomh, modh, agus cuspóir) a bheith ann:

- Ní mór GNÍOMH earcaíochta, iompair, aistrithe, dídeanaithe nó glactha a bheith déanta ar mhaithe le ...
- Is ionann an MODH agus foréigean nó cineálacha eile comhéigin, fuadaigh, calaoise, meallaidh, drochúsáide cumhachta nó staide leochaileachta a bhagairt nó a úsáid, nó íocaíochtaí a thabhairt nó a ghlacadh, agus ní mór go gcuirtear i gcrích é ar mhaithe le ...
- DÚSHAOTHRÚ i.e. dúshaothrú gnéasach, dúshaothrú saothair, iarraidh déirce éigeantach, coiriúlacht éigeantach nó baint orgáin.

Gáinneáil ar leanaí: nóta tábhachtach:

Ní féidir le leanbh toiliú le gáinneáil a dhéanamh air nó uirthi agus, dá bhrí sin, níl feidhm ag gné an MHODHA maidir le leanaí. I gcás linbh, is leor an GNÍOMH a bhaineann le leanbh a earcú, a iompar, a aistriú, a dhídeanú nó a ghlacadh ar mhaithe le DÚSHAOTHRÚ le go mbeidh gáinneáil i gceist.

Mar an gcéanna, is annamh a bheidh gáinneáil ar dhaoine i gceist mar thoradh ar leanbh a dhúshaothrú gan gné an GHNÍMH a bheith ann, cé gur cion coiriúil eile é.



Is annamh a bhíonn daoine den phobal i gcoitinne in ann íospartaigh gáinneála a shainiú

Tá na trí ghné shainiúla thuas le brath sa sainmhíniú ar gháinneáil ar dhaoine mar atá leagtha amach i **Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa faoi Bheartaíocht in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine** agus i **bPrótacal na Náisiún Aontaithe chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar mhná**

**agus ar leanaí a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith a lena bhForlíontar
Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus Treoir:**


“Ciallóidh gáinneáil ar dhaoine daoine a earcú, a iompar, a aistriú, a dhídeanú nó a ghlacadh trí fhoréigean nó cineálacha eile nó cineálacha eile comhéigin, fuadaigh, calaoise, meallaidh, drochúsáide cumhachta nó staide leochaileachta a bhagairt nó a úsáid, nó íocaíochtaí a thabhairt nó a ghlacadh d’fhonn toiliú a fháil ó dhuine a bhfuil smacht aige nó aici ar dhuine eile, ar mhaithe le dúshaothrú.

Folóidh dúshaothrú, ar a laghad, dúshaothrú striapachais daoine eile nó cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh, saothar éigeantach nó seirbhísí éigeantacha, sclábhaíocht nó cleachtais atá comhchosúil le sclábhaíocht, daoirse nó orgáin a bhaint.”

In Éirinn, tá na sainmhínithe sin curtha san áireamh san **Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008** agus san **Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú) 2013**.

CÉN FÁTH A dTARLAÍONN GÁINNEÁIL AR DHAOINE AGUS CÁ HÁIT A dTARLAÍONN SÍ

Is coir ardbhrabúis-ísealriosca í an gháinneáil ar dhaoine agus í bunaithe ar phrionsabail an tsoláthair agus an éilimh. Déanann líonraí nó daoine coiriúla teacht i dtír ar shraith nithe ar a dtugtar ‘brúigh agus tarraing’ agus míníonn sé sin an chúis go dtarlaíonn sé go mbíonn daoine leochaileacha nach bhfuil deiseanna acu agus a bhfuil dálaí maireachtála uathu ina dtír féin nó i dtír iasachta gafa mar chuid de shlabhra gáinneála ar dhaoine. Is é an méid sin, mar aon leis an éileamh ar shaorshaothar agus ar sheirbhísí gnéasacha, a chothaíonn an gháinneáil ar dhaoine.



Is fachtóir riosca é an bhochtaineacht i dtaca le daoine teacht chun bheith ina n-ábhar gáinneála.


Is féidir daoine a gháinneáil isteach i gcineálacha éagsúla oibre san earnáil talmhaíochta, san earnáil mhonaraíochta agus sa tionscal seirbhíse. D'fhéadfadh obair bhialainne agus óstáin, obair tí, agus obair i réimsí na tógála, na talmhaíochta agus na siamsaíochta a bheith i gceist leis sin. Is féidir daoine a gháinneáil isteach i saol an striapachais, is féidir a thabhairt orthu gabháil d'iarraidh déirce agus do choiriúlacht, lena n-áirítear trí dhrugaí neamhdhleathacha a dhúshaothrú nó trí dhéileáil iontu.

SMUIGLÉAIL DAOINE VS. GÁINNEÁIL AR DHAOINE

Tá sé tábhachtach an t-idirdhealú idir gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil daoine a thabhairt do d'aire. Is é atá sa difríocht iomchuí ná gur **rud neamhthoiliúil é an gháinneáil** ach bíonn toiliú i gceist le smuigleáil daoine, is é sin, toiliú ón duine atá á smuigleáil.

An rud a gcuirtear tús leis mar smuigleáil, d'fhéadfadh sé teacht chun bheith ina staid gháinneála nuair a dhéantar duine a smuigleáil a dhúshaothrú ina dhiaidh sin trí fhoréigean, trí chomhéigean, trí mhealladh etc. le linn na smuigleála nó dá héis.

- Is é atá i gceist le smuigleáil daoine ná éascaíocht a dhéanamh, ar mhodh neamhdhleathach, i leith imircigh a bheith ag teacht isteach i Stát agus, os a choinne sin, ní mór foréigean, comhéigean nó mealladh a bhagairt nó a úsáid in aghaidh íospartaigh (aosaigh) a bheith ann i dtaca le gáinneáil de.
- Trí bhíthin smuigleáil daoine, éascaítear iontráil neamhdhleathach duine isteach sa Stát ach d'fhéadfadh sé go dtiocfadh íospartaigh na gáinneála isteach sa Stát ar mhodh dleathach agus ar mhodh neamhdhleathach araon.
- Ní mór go ndéantar smuigleáil daoine thar theorainneacha idirnáisiúnta ach níl aon cheanglas ann gur thrasnaigh duine teorainn le go mbeidh gáinneáil i gceist - is féidir gáinneáil a bheith ann laistigh de theorainneacha náisiúnta agus tarlaíonn sí laistigh de theorainneacha náisiúnta.
- Cé gur minic a tharlaíonn smuigleáil daoine faoi dhálaí contúirteacha nó táireacha, is é a bhíonn i gceist léi ná imircigh a thoiligh leis an smuigleáil. Maidir le híospartaigh na gáinneála, níor thoiligh siad riamh nó, i gcás inar thoiligh siad ar dtús, tá an toiliú sin gan bhrí mar thoradh ar ghníomhartha comhéigin, meallaidh nó drochúsáide an lucht gáinneála.
- Tagann deireadh le smuigleáil daoine nuair a shroicheann na himircigh a gceann scríbe; murab ionann agus gáinneáil, níl dúshaothrú leanúnach íospartach i gceist léi.



2. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE IN ÉIRINN

Nóta maidir le staitisticí:

Is deacair meastachán a dhéanamh ar mhéid na gáinneála mar gheall ar an líon beag íospartach a shainaithnítear gach bliain agus mar gheall ar shaintréithe na gáinneála ar dhaoine, lena n-áirítear an rúndacht a bhaineann léi agus an forluí atá ag baint léi i dtaca le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha. De bhreis air sin, mar thoradh ar an líon measartha íseal íospartach in aon bhliain áirithe, is féidir le teagmhais aonuaire a mbíonn líon mór íospartach i gceist iontu tionchar suntasach a imirt ar na figiúirí foriomlána.

Dá bhrí sin, soláthraíonn na tuarascálacha staitistiúla atá ann sa roinn seo anailís mhionsonraithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil d'údaráis, seachas cuntas beacht a thabhairt ar mhéid an fheiniméin in Éirinn.

Glacann tuarascáil bhliantúil 2020 leis an gcur chuige a bhí ann i mblianta roimhe seo maidir le haicmiú íospartach coireanna a ionchúisíodh faoi alt 3(2) den Acht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998 (arna leasú leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008). Ar bhonn an dea-chleachtais idirnáisiúnta, ní dhéantar na híospartaigh sin a chomhaireamh mar íospartaigh gáinneála.

FORLÉARGAS 2020

Shainaithin an Garda Síochána 38 íospartach a d'fhulaing gáinneáil ar dhaoine sa bhliain 2020. Ba íospartaigh dúshaothraithe ghnéasaigh iad 26 dhuine díobh sin, ba íospartaigh dúshaothraithe saothair iad 10 nduine díobh agus ba íospartaigh coiriúlachta éigeantaí iad beirt díobh.

Tábla 1 An líon iomlán íospartach a sainaithníodh in Éirinn sa bhliain 2020		
	Líon	% den Iomlán
An Líon Iomlán Íospartach a Sainaithníodh	38	100%
Aosaigh	38	100%
Mionaoisigh	0	0%
Cionta a tharla in Éirinn	29	76%
Cionta a tharla lasmuigh d'Éirinn	9	24%

Maidir le híospartaigh ar tharla an choir ina leith lasmuigh d'Éirinn, ligeadh na daoine sin isteach i gcóras na dtacaíochtaí Stáit ar a dtugtar an Córas Náisiúnta Atreorúcháin agus tugtar na seirbhísí céanna dóibh a bheadh ar fáil dá mba rud é gur tharla an choir laistigh den tír.

Tábla 2 Tíortha Foinse	Líon	% Garbh den Iomlán
An Nigéir	11	29%
An Rómáin	6	16%
An tSiombáib	5	13%
An Albáin	2	5%
An Bhrasaíl	2	5%
Gána	2	5%
Siarra Leon	2	5%
An Ghaimbia	1	2.5%
An Iaráic	1	2.5%
An Laitvia	1	2.5%
An Liotuáin	1	2.5%
An Mhaláiv	1	2.5%
Meicsiceo	1	2.5%
An tSlóvaic	1	2.5%
An Afraic Theas	1	2.5%
Iomlán	38	

Tábla 3 Gáinneáil de réir an Chineáil Dúshaothraithe	An Líon	Iomlán
Gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú gnéasach	26	68.5%
Gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú saothair	10	26.3%
Gáinneáil ar mhaithe le coiriúlacht éigeantach	2	5.2%
Iomlán	38	100%

SONRAÍ 2016-2020

Sna táblaí atá ann ina dhiaidh seo, leagtar amach an líon íospartach a sainithníodh in Éirinn le 5 bliana anuas, an cineál dúshaothraithe a rinneadh orthu agus a réigiún tionscnaimh.

ÍOSPARTAIGH DE RÉIR BLIANA, AOISE AGUS INSCNE

I dTábla 4, déantar an líon íospartach amhrasta a shainaithin an Garda Síochána a thaispeáint de réir na bliana inar braitheadh na cásanna lena mbaineann, de réir aoise agus de réir inscne. Braitheadh 294 íospartach le 5 bliana anuas agus sainithníodh 38 íospartach sa bhliain 2020.

Tábla 4 Íospartaigh amhrasta de réir bliana, aoise agus inscne					
Bliain	Aois	Baineann	Fireann	Trasinscne	Iomlán
2016	Aosaigh	38	36	-	74
	Mionaoisigh	1	-	-	1
	Iomlán	39	36	-	75
2017	Aosaigh	42	30	-	72
	Mionaoisigh	3	-	-	3
	Iomlán	45	30	-	75
2018	Aosaigh	30	29	-	59
	Mionaoisigh	3	2	-	5
	Iomlán	33	31	-	64
2019	Aosaigh	31	2	-	33
	Mionaoisigh	7	2	-	9
	Iomlán	38	4	-	42
2020	Aosaigh	33	5	-	38
	Mionaoisigh	-	-	-	0
	Iomlán	33	5	-	38
Iomlán	Aosaigh	174	102	-	276
	Mionaoisigh	14	4	-	18
	Iomlán	188	106	-	294

Le 4 bliana anuas, tá laghdú ag teacht ar an líon íospartach a bhraitear in aghaidh na bliana. Ach, i bhfianaise na líonta measartha íseal íospartach a bhraitear in Éirinn, is féidir le teagmhais aonuaire ina mbraitear líon mór íospartach in aon iarraidh amháin tionchar a imirt ar na figiúirí in aon bhliain áirithe.

Tharla athrú sa mhiondealú inscne i dtaca le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine in Éirinn sa tréimhse ó 2018 go 2020. Sa bhliain 2018, b'ionann líon na n-íospartach fireann agus 49% de na híospartaigh agus b'ionann líon na n-íospartach baineann agus 51% de na híospartaigh. D'athraigh sé seo go suntasach in 2019 nuair nach raibh ach 6% de na híospartaigh fireann agus ba mhná iad 94% de na híospartaigh agus in 2020 nuair nach raibh ach 13% de na híospartaigh fireann agus gur mhná iad 87% de na híospartaigh.

ÍOSPARTAIGH DE RÉIR RÉIGIÚIN AGUS DE RÉIR AN CHINEÁIL DÚSHAOTHRAITHE

I dTábla 5, tugtar miondealú ar na 294 íospartach gáinneála ar dhaoine de réir réigiún tionscnaimh.

Tábla 5 Íospartaigh amhrasta de réir bliana agus réigiún tionscnaimh		
Bliain	Réigiún Tionscnaimh	Iomlán
2016	An Afraic	17
	LEE	47
	Meiriceá Theas An	4
	Áise	6
	An Eoraip Neamh-LEE	1
2017	An Afraic	28
	LEE	22
	Meiriceá Theas An	4
	Áise	19
	Éire	2
2018	An Afraic	35
	LEE	19
	Meiriceá Theas An	2
	Áise	6
	An Eoraip Neamh-LEE	1
	LEE Éire	1
2019	An Afraic	31
	LEE	8
	Meiriceá Theas An	1
	Áise	2
2020	An Afraic	23
	LEE	9
	Meiriceá Theas	2
	Meiriceá Thuaidh	1
	An Meánoirthear	1
	Eoraip Neamh-LEE	2
Iomlán	An Afraic	134
	LEE	105
	Meiriceá Theas	13
	Meiriceá Thuaidh	1
	An Meánoirthear	1
	An Áise	33
	An Eoraip Neamh-LEE	4
	LEE Éire	3
	Iomlán	294

Le 5 bliana anuas, bhain 36% de na cásanna amhrasta maidir le híospartaigh leis an réigiún LEE agus bhain 46% díobh le réigiún na hAfraice agus bhain 11% díobh le réigiún na hÁise.

ÍOSPARTAIGH DE RÉIR BLIANA, DÚSHAOTHRAITHE AGUS INSCNE

Tháinig an tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) (Leasú) 2013 i bhfeidhm i mí Lúnasa 2013 agus, leis an Acht sin, leathnaíodh an sainmhíniú ar gháinneáil ar dhaoine chun dúshaothrú duine ar mhaithe le hiarraidh déirce éigeantach agus rannpháirtíocht éigeantach i ngníomhaíochtaí coiriúla le haghaidh gnóthachan airgeadais a chur san áireamh. Roimhe sin, rinneadh na catagóirí sonracha dúshaothraithe líomhnaithe sin a thaifeadh mar ‘dúshaothrú neamhchatagóirithe’ nó mar ‘dúshaothrú saothair’.

I dTábla 6 thíos, taispeántar an treocht maidir le cineál an dúshaothraithe in Éirinn.

Tábla 6 Íospartaigh de réir bliana, dúshaothraithe agus inscne					
Bliain	An Cineál Dúshaothraithe	Baineann	Fireann	Trasinscne	Iomlán
2016	Dúshaothrú Gnéasach	32	-	-	32
	Dúshaothrú Saothair	6	32	-	38
	Coiriúlacht Éigeantach	-	4	-	4
	Dúshaothrú Gnéasach & Saothair	1	-	-	1
2017	Dúshaothrú Gnéasach	28	3	-	31
	Dúshaothrú Saothair	11	24	-	35
	Coiriúlacht Éigeantach	5	3	-	8
	Iarraidh Déirce Éigeantach	1	-	-	1
2018	Dúshaothrú Gnéasach	26	1	-	27
	Dúshaothrú Saothair	7	28	-	35
	Coiriúlacht Éigeantach	-	2	-	2
2019	Dúshaothrú Gnéasach	33	1	-	34
	Dúshaothrú Saothair	2	1	-	3
	Eile*	3	2	-	5
2020	Dúshaothrú Gnéasach	24	2	-	26
	Dúshaothrú Saothair	8	2	-	10
	Coiriúlacht Éigeantach	1	1	-	2
	Iomlán	143	7	-	150
	Dúshaothrú Saothair	34	87	-	121

Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn | Tuarascáil Bhliantúil 2020

Coiriúlacht Éigeantach	6	10	-	16
Dúshaothrú Gnéasach & Saothair	1	-	-	1
Iarraidh Déirce Éigeantach	1	-	-	1
Eile	3	2	-	5


*Léiríonn 'Eile' meascán de choiriúlacht éigeantach agus de Dhúshaothrú Saothair agus Dúshaothrú Gnéasach

3. MÉID NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE SAN EORAIP

Rinne an Coimisiún Eorpach mórstaidéar staitistiúil² is déanaí maidir le gáinneáil ar dhaoine san Aontas Eorpach a fhoilsiú i mí na Nollag 2018. Léiríonn an staidéar sin staitisticí a tiomsaíodh ar leibhéal Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le gáinneáil ar dhaoine. I dtaca leis an bpróiseas bailithe sonraí sin, chuathas i dteagmháil le gach ceann de na 28 mBallstát agus clúdaíonn sé na blianta 2015 agus 2016 agus déantar uasdátú ar shonraí a bailíodh sa bhliain 2014 de réir mar is iomchuí.


Léiríodh sa tuarascáil sin go raibh 20,532 dhuine, idir fhir agus mhná agus leanaí, cláraithe mar íospartaigh na gáinneála san Aontas Eorpach sa tréimhse 2015-2016. Ach is dócha go bhfuil an líon iarbhír go mór níos airde ós rud é nach mbraitear cuid mhór íospartach.

Léiríonn na figiúirí gur mná agus cailíní an grúpa is leochailí i gcónaí i leith gáinneála sa mhéid gurb ionann a líon agus 68% de na híospartaigh chláráithe agus is ionann an líon leanaí, mar aicme aonair, agus 23% de na híospartaigh chláráithe.



Is é an dúshaothrú gnéasach an cineál dúshaothraithe is coitianta agus is ionann a mhéid agus níos mó ná an leathchuid (56%) de na híospartaigh chláráithe i dtaca le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine de. Ba é an dúshaothrú saothair ba chuspóir do gháinneáil i gcás thart ar an gceathrú cuid (26%) de na híospartaigh chláráithe. Ba é a bhí i gceist le cineálacha 'Eile' ná 18%.

² Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ag: https://ec.europa.eu/home-affairs/sites/homeaffairs/files/what-we-do/policies/european-agenda-security/20181204_data-collection-study.pdf; tá an bileog eolais ar fáil ag: <https://ec.europa.eu/home-affairs/sites/homeaffairs/files/what-we-do/policies/european->



Tá leibhéal na n-ionchúiseamh agus na gciontuithe íseal, is é sin le rá, tuairiscíodh go raibh 5,979 n-ionchúiseamh agus 2,927 giontú ann. Níor tuairiscíodh ach 18 giontú mar gheall ar úsáid feasach seirbhísí a bhí á soláthar ag íospartaigh.

Thug an Coimisiún dá aire gurbh amhlaidh, d’ainneoin gur bhreithnigh na saineolaithe nach raibh aon treohtáí inbhraite ann, gur thug siad cobhsaíocht leanúnach faoi deara i ndáil le sonraí ar leith e.g.: Tá 95% d’íospartaigh an dúshaothraithe ghnéasaigh baineann; baineann 75% de na hionchúisimh le gáinneáil ghnéasach.



4. FREAGAIRT NA hÉIREANN I LEITH NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE

AN DLÍ IDIRNÁISIÚNTA

Tá reachtaíocht náisiúnta na hÉireann bunaithe ar an tiomantas domhanda agus Eorpach maidir le comhrac a dhéanamh in aghaidh na gáinneála ar dhaoine. Is iad seo a leanas na príomhionstraimí idirnáisiúnta:

- **Prótacal Palermo na Náisiún Aontaithe** sa bhliain 2000: Prótacal chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a Ghearradh ina Leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireacht Eagraithe Trasnáisiúnta³.
- **Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa** in aghaidh Gáinneáil ar Daoine: Coinbhinsiún de chuid Chomhairle na hEorpa sa bhliain 2005 maidir le Gníomhaíocht in aghaidh Gáinneáil ar Dhaoine, ar coinbhinsiún é a daingníodh i mí Iúil 2010⁴.
- **Treoir AE 2011/36/EU**

AN CREAT DLÍ IN ÉIRINN

Trí reachtaíocht na hÉireann agus, chomh maith leis sin, trí bhearta riaracháin maidir le tacaíocht d'íospartaigh, cuirtear na conarthaí idirnáisiúnta sin i bhfeidhm go hiomlán.



Is iad seo a leanas na príomhionstraimí dlí in Éirinn:

- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2008⁵. Is é an tAcht sin an príomh-Acht maidir le gáinneáil agus tugtar sainmhíniú ann ar an gcoir agus ar na pionóis ina leith, cé is moite de gháinneáil ghnéasach ar leanaí. Leis an Acht, déantar coir de na gníomhartha seo a leanas: gáinneáil ar aosaigh; gáinneáil ar leanaí chun críoch seachas dúshaothrú gnéasach (rud a ndéileáiltear leis in Acht 1998 - féach anseo thíos); striapach a dhéanamh de dhuine ar a ndearnadh gáinneáil; agus íocaíocht a thabhairt i leith gnéas le duine ar a ndearnadh gáinneáil.
- An tAcht um Gháinneáil ar Leanaí agus Pornagrafaíocht Leanaí 1998⁶. Clúdaíonn an tAcht seo gáinneáil ar leanaí, drochúsáid gnéasach leanaí agus pornagrafaíocht leanaí. I dtaca le gáinneáil ar dhaoine de, déantar coir, leis an Acht, de gháinneáil ar leanaí ar mhaithe le dúshaothrú gnéasach.
- An tAcht um an Dlí Coiriúil (Gáinneáil ar Dhaoine) 2013⁷. Le hAcht leasaitheach 2013, modhnaíodh an sainmhíniú ar Dhúshaothrú Saothair le go mbeadh sé i gcomhréir le sainmhínte de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ar saothar éigeantach agus tugadh éifeacht do Threoir AE 2011/36/AE.

3 <https://www.ohchr.org/en/professionalinterest/pages/protocoltraffickinginpersons.aspx>

4 <https://rm.coe.int/168008371d>

5 <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2008/act/8/enacted/en/print.html>

6 <http://www.irishstatutebook.ie/eli/1998/act/22/enacted/en/print.html>

7 <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2013/act/24/enacted/en/print.html>

TACAÍOCHTAÍ STÁIT D'ÍOSPARTAIGH

ÍOSPARTAIGH A SHAINAITHINT

Féadfaidh íospartach gáinneála teacht ar chabhair ar roinnt bealaí. Féadfaidh siad teacht chun cinn iad féin chuig an nGarda Síochána nó chuig seirbhís eile de chuid an Stáit. D'fhéadfadh sé tarlú go dtarrthálfadh an Garda Síochána iad le linn oibríocht phóilíneachta. Féadfaidh siad dul i dteagmháil le hEagraíocht Neamhrialtasach (a bhfaigheann cuid acu maoiniúchán ón Stát), amhail Ruhama nó Ionad Chearta na nMírceach in Éirinn. Ina theannta sin, tugann na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha sin tacaíocht leanúnach d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine. D'fhéadfadh sé tarlú freisin go dtiocfaidh Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Tusla, an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, ambasáidí agus daoine den phobal ar íospartaigh freisin. Tá feasacht i measc an phobail thar a bheith tábhachtach i dtaca le híospartaigh ionchasacha gáinneála a shainaithint. Tá tuilleadh faisnéise faoi tháscairí i leith na gáinneála ar dhaoine ar fáil ar an láithreán gréasáin 'Blue Blindfold' (www.blueblindfold.gov.ie).

Déantar íospartaigh ionchasacha a tharchur chuig an nGarda Síochána le go sainaithneofar an stádas sin ina leith agus chun iad a thaifeadadh sa Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin, mar a thugtar ar na tacaíochtaí Stáit.

AN MHEICNÍOCHT NÁISIÚNTA ATREORÚCHÁIN AGUS NA STRUCHTÚIR RIARACHÁIN TACAÍOCHTA

Cuireann Éire córas íospartach-láraithe tacaíochtaí Stáit ar fáil d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine atá sainaitheanta ag an nGarda Síochána. Tá na tacaíochtaí sin ar fáil tríd an Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin ar creat é trína gcomhlíonann an Stát a cuid oibleagáidí chun cearta daonna íospartaigh gáinneála a chosaint agus a chur chun cinn, agus í ag obair i gcomhar leis an tsochaí shibhialta. I measc na dtacaíochtaí sin áirítear cóiríocht, seirbhísí liachta, cúnamh dlí agus comhairle dlí, gan trácht ar thacaíochtaí eile.

I gcás nach mian le híospartaigh gáinneála, ná nach mian le daoine atá ag obair thar ceann íospartach, a bheith i dteagmháil leis an nGarda Síochána, ní thaifeadtar sa Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin iad agus ní féidir leo leas a bhaint as na seirbhísí go léir a sholáthraíonn an Stát go díreach. Ach tuigeann an Roinn Dlí agus Cirt an leisce a bhíonn ar roinnt íospartach teacht chun tosaigh agus, dá bhrí sin, soláthraíonn an Roinn maoiniúchán do roinnt Eagraíochtaí Neamhrialtasacha chun tacaíocht agus seirbhísí a sholáthar d'íospartaigh lasmuigh den Mheicníocht Náisiúnta Atreorúcháin.

Rinneadh dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar an rochtain atá ag íospartaigh ar thacaíochtaí Stáit (an Sásra Náisiúnta Tarchuir). Ar an 5 Bealtaine 2021 cheadaigh an Rialtas Meicníocht Atreoraithe Náisiúnta athbhreithnithe a fhorbairt d'fhonn íospartaigh na gáinneála ar dhaoine a aithint agus tacaíochtaí a chur ar fáil dóibh. Déanfar é sin a phlé ar bhealach níos mionsonraithe i gCaibidil 6: Dul chun cinn sa bhliain 2019 - Tionscadail foain bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta

Ag aon chéim den phróiseas, nó más náisiúnach neamh-LEE é/í an t-íospartach nach gá dó/di, i dtaca le cúrsaí imscrúdúcháin nó pearsanta de, fanacht sa Stát, éascaíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce dó/di filleadh abhaile. Reáchtálann an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce cláir a bhaineann cúnamh i ndáil le filleadh toildeonach agus ath-lánpháirtiú. Tá an cúnamh sin ar fáil d'íospartaigh gáinneála, beag beann ar a náisiúntacht, ar mian leo filleadh abhaile go deonach ach nach bhfuil na hacmhainní acu, lena n-áirítear na doiciméid riachtanacha, chuige sin. Tá oifigí ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce i gcuid mhór tíortha agus tá líon mór díobh tar éis líonra láidir tacaíochta a chur ar bun i réimsí éagsúla amhail saoráidí tithíochta agus cúnamh liachta, agus é mar aidhm aige sin tacú le híospartaigh le linn phróiseas deacair an ath-lánpháirtíochta.

Is féidir mionsonraí iomlána faoin Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin a fháil ag www.blueblindfold.gov.ie, áit a bhfoilsítear nósanna imeachta foirmiúla chun treoir a thabhairt d'oifigigh phoiblí le linn íospartaigh na gáinneála a shainaithint agus a chosaint, mar shampla: www.blueblindfold.gov.ie

- Tá Ráiteas ar Róil agus ar Fhreagrachtaí⁸ ann ina leagtar amach na róil agus na freagrachtaí atá ag gníomhaireachtaí Stáit agus ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha. Déantar cur síos sa Ráiteas ar an bpróiseas sainaitheanta, ar an raon seirbhísí agus beart cúnamh atá ar fáil, ar fhaisnéis maidir le rochtain ar na seirbhísí sin, agus ar an ról a bhíonn ag eagraíochtaí iomchuí ag céimeanna éagsúla.
- Tá Socruithe Riaracháin Inimirce⁹ ann chun bealach a chur ar fáil chun fanacht sa Stát fad a bheidh imscrúdú ar siúl ar gháinneáil i gcás íospartaigh amhrasta gáinneála Neamh-LEE nach bhfuil an cead sin acu thairis sin. D'fhéadfadh an chosaint shealadach sin teacht chun bheith ina cead maidir le buanchónaí.
- Tugann Treoir maidir le Nósanna Imeachta d'Íospartaigh Gáinneála in Éirinn¹⁰ faisnéis d'íospartaigh gáinneála i ndáil lena gcuid ceart.

EAGRAÍOCHTAÍ RANNPHÁIRTEACHA

Déantar comhoibriú dlúth idir na geallsealbhóirí sa chomhrac in aghaidh na gáinneála a aithint, ar bhonn idirnáisiúnta mar ghné thábhachtach de straitéis rathúil frithgháinneála. Dírionn ceithre chomhlacht Stáit tiomnaithe go díreach ar gháinneáil ar dhaoine agus ar thacaíocht d'íospartaigh.

Comhordaíonn an **Roinn Dlí agus Cirt** an beartas maidir le gáinneáil ar dhaoine in Éirinn agus oibríonn sí i gcomhar le gníomhaireachtaí eile de chuid na hÉireann agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

Tá an **tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine** (HTICU) ina chuid de **Bhiúró Náisiúnta an Gharda Síochána um Sheirbhísí Cosanta** (GNPSB) agus tá oilteacht ar leith ar oifigigh de chuid an Aonaid sin maidir le gáinneáil ar dhaoine.

Soláthraíonn an **tAonad um Gháinneáil ar Dhaoine a Chosc** (AHTT) i **bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte** (HSE) plan cúraim ar leithligh do gach íospartach gáinneála ar dhaoine.

8

<http://www.blueblindfold.gov.ie/en/BBF/Statement%20of%20Roles%20and%20Responsibilities.pdf/Files/Statement%20of%20Roles%20and%20Responsibilities.pdf>

<http://www.blueblindfold.gov.ie/en/BBF/Administrative%20Immigration%20Arrangements%20for%20the%20Protection%20of%20Victims%20of%20Human%20Trafficking%20-%20March%202011.pdf/Files/Administrative%20Immigration%20Arrangements%20for%20the%20Protection%20of%20Victims%20of%20Human%20Trafficking%20-%20March%202011.pdf>

10

<http://www.blueblindfold.gov.ie/en/BBF/Guide%20to%20Procedures%20June%202015.pdf/Files/Guide%20to%20Procedures%20June%202015.pdf>

Soláthraíonn an **Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus Óige** cóiríocht bhoird iomlán agus seirbhísí coimhdeacha tríd an **tSeirbhís Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta (IPAS)** d'íospartaigh ionchasacha agus amhrasta gáinneála ar bhonn atreoraithe ón nGarda Síochána.

Fanann íospartaigh ionchasacha agus amhrasta atá san áireamh sa phróiseas tearmainn i gcóiríocht IPAS fad atá cinneadh á dhéanamh i ndáil lena n-éileamh ar thearmann nó atá san áireamh i bpróisis ghaolmhara (e.g. iarratas ar Chead chun Fanacht nó ar Chosaint Choimhdeach).

Soláthraíonn aturnaetha de chuid **an Bhoird um Chúnamh Dlíthiúil** cúnamh dlíthiúil agus comhairle dhlíthiúil d'íospartaigh na gáinneála.

Tá **Ruhama** lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus is Eagraíocht Neamhrialtasacha í a oibríonn ar leibhéal náisiúnta in éineacht le mná atá thíos le striapachas agus le cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh tráchtála. Soláthraíonn Ruhama seirbhís do mhná atá páirteach faoi láthair i striapachas ar an tsráid agus i striapachas eas-sráide, do mhná atá ag fágáil shaol an striapachais, do mhná atá ina n-íospartaigh gáinneála gnéasaí agus do mhná a raibh baint acu le striapachas roimhe seo.

Is eagraíocht náisiúnta í **Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn (MRCI)** agus oibríonn sí chun ceartas, cumhachtú agus comhionannas a chur chun cinn thar ceann oibrithe imirceacha agus a dteaghlach. Soláthraíonn Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn faisnéis, tathaint agus tacaíocht dhlíthiúil d'imircigh agus dá dteaghlaigh ar fud na hÉireann. Oibríonn an eagraíocht chun íospartaigh gáinneála i gcomhair dúshaothrú saothair a shainaithe, agus chun tacú leo, agus tacaíonn sí fás agus forbairt roinnt grúpaí gníomhaíochtaí a chumasaíonn d'oibrithe imirceach leochaileach a bheith ag obair le chéile agus feabhas a chur ar dhálaí oibre in earnálacha sonracha.

I measc na n-eagraíochtaí eile atá gníomhach maidir le soláthar seirbhísí d'íospartaigh gáinneála, áirítear na heagraíochtaí seo a leanas:

Oibríonn **an Chomhairle um Inimircigh in Éirinn (ICI)** chun feabhsuithe a bhaint amach i dtaca le cearta agus cosaintí d'imircigh agus dá dteaghlaigh trí oibriú a dhéanamh i ndáil le beartas agus feasacht maidir le saincheistanna a bhaineann le himirce, lánpháirtiú agus gáinneáil ar dhaoine. Tá ionad neamhspleách dlí ag an gComhairle um Inimircigh in Éirinn agus oibríonn siad líne chabhrach le haghaidh fiosruithe maidir le hinimircé.

Tá an **Sexual Violence Centre Cork (SVCC)** lonnaithe i gCorcaigh agus is eagraíocht é a oibríonn chun deireadh a chur le foréigean gnéasach sa tsochaí trí mhéadú a dhéanamh ar an bhfeasacht maidir le minicíocht, teagmhais agus dinimicí an fhoréigin idirphearsanta sa tsochaí. I measc a cuid seirbhísí áirítear comhairliú tacaíochta, ionadaíocht, líne chabhrach teileafóin agus Seirbhís Cóireála Ionsaí Ghnéasaigh (SATS).

Is é atá in **Doras Luimní** ná eagraíocht a oibríonn chun tacú le cearta imirceach a bhfuil cónaí orthu i Luimneach agus i réigiún an Mheániarthair i gcoitinne, agus chun cearta na ndaoine sin a chur chun cinn. Soláthraíonn an eagraíocht tacaíocht dhíreach speisialaithe d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine agus do mhná atá ag gabháil do striapachas nó atá ag fágáil shaol an striapachais.

Is eagraíocht idirnáisiúnta í an **Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce (IOM)** agus baineann a príomhfhreagracht le cúnamh a thabhairt do dhaoine maidir le fillleadh ar a dtír thionscnaimh más

mian leo déanamh amhlaidh. Tugtar cúnamh do náisiúnaigh AE agus do náisiúnaigh neamh-AE araon.

COIR NA GÁINNEÁLA AR DHAOINE A CHOMHRAC

Ní raibh aon chiontuithé ann sa bhliain 2020 mar gheall ar chionta gáinneála ar dhaoine agus is maith a thuigtear na deacrachtaí a bhaineann le ciontuithé a bhaint amach in aghaidh gáinneálaithe. D'ainneoin gach díchill, theip ar gach ceann ar leith de na hionchúisimh a tionscnaíodh le blianta beaga anuas, rud a tharla mar gheall ar chúiseanna a bhain le finnítithe. Tá an Garda Síochána ag leanúint de roinnt cásanna a shaothrú go dian ar cásanna iad a tionscnaíodh roimh an mbliain 2020 agus, sa bhliain 2020, chuir siad tús le caingne maidir le roinnt cásanna nua.

De bharr chineál idirnáisiúnta na coire seo, glacann an Garda Síochána páirt i ngníomhartha idirnáisiúnta in aghaidh gáinneála freisin, agus déantar gníomhaíocht shuntasach sa réimse seo a lua anseo thíos.

AN tARDÁN EORPACH ILDISCIPLÍNEACH I gCOINNE BAGAIRTÍ COIRIÚLA (EMPACT)

Sa bhliain 2018, chuaigh an Garda Síochána isteach i dTimthriall AE 2018– 2021, Grúpa EMPACT i leith na Gáinneála ar Dhaoine. Tagann Grúpa EMPACT le chéile in Europol sa Háig agus is é an tArdán Ildisciplíneach i gcoinne Bagairtí Coiriúla é. Tá sé ina chuid de chur chuige póilíneachta de chineál faisnéiseach i leith dul i ngleic le coireacht eagraithe agus tá gáinneáil ar dhaoine i measc na réimsí tosaíochta atá aige. Tá Éire ina ball den ghrúpa de chuid EMPACT ar a dtugtar ETUTU agus a dhíríonn ar gháinneáil ar dhaoine ón Nigéir isteach san Aontas Eorpach.

Mar chuid de Laethanta Gníomhaíochta Comhpháirteacha EMPACT 2020, ghlac Éire páirt i 2 Lá Gníomhaíochta Náisiúnta.

Tionóladh an chéad cheann den dá Chomh-Lá Gníomhaíochta thuasluaite, inar ghlac an Garda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann (PSNI) páirt, i mí Feabhra 2020 agus dearadh é chun díriú ar gháinneáil ar dhaoine a bhaineann le dúshaothrú saothair. Bhí fócas faoi leith i gceist leis an Lá Gníomhaíochta ar an tionscal níochán cairr mar gheall ar amhras gur gné den tionscal é dúshaothrú saothair.

Tugadh faoin dara lá gníomhaíochta den dá Lá Gníomhaíochta thuasluaite, a tionóladh i Márta 2020, chun díriú ar gháinneáil ar dhaoine lena mbaineann dúshaothrú gnéasach agus an t-éileamh gaolmhar ar cheannach



seirbhísí gnéis agus ghlac an Garda Síochána agus Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann páirt freisin. I measc na ngníomhaíochtaí eile de chineál idirnáisiúnta a cuireadh i gcrích sa bhliain 2020, áiríodh faisnéis a mhalartú go tráthrialta, trí Chainéal Interpol, le baill eile de chuid Interpol i dtaca le nithe a bhain le gáinneáil ar dhaoine, agus comhoibriú le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann i ndáil le roinnt imscrúduithe maidir le gáinneáil ar dhaoine agus maidir le striapachas eagraithe.

AN TIONSCADAL MAIDIR LE GÁINNEÁIL AGUS DÚSHAOTHRÚ DAOINE AR OILEÁN NA hÉIREANN (HTEPII)

Sa bhliain 2019, chuir Coláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, tús le grinntaighde maidir le nithe a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine i dtaca le hoileán na hÉireann de. Tá an tionscadal dírithe ar thacair shonraí ardcháilíochta atá ann in Éirinn maidir le gáinneáil ar dhaoine a shainaithint; ar fheabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ann faoi láthair; ar chomhoibriú a dhéanamh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha; ar anailís a dhéanamh ar shonraí faoi gháinneáil ar dhaoine agus faoi fhaisnéis maidir le sclábhaíocht; ar cheardlanna a reáchtáil chun faisnéis mhéadaithe feasachta a scaipeadh ar chomhlachtaí amhail scoileanna agus institiúidí; agus ar thuarascáil agus lámhleabhar a chur ar fáil. Tá baint ag an tionscadal taighde le cuspóirí Ghrúpa Santa Marta a mhéid a bhaineann le feasacht a mhéadú maidir le cineál agus scála na gáinneála ar dhaoine in Éirinn. Ina theannta sin, tá an tionscadal ailínithe le cuspóirí an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac.

Lean an obair ar aghaidh i rith 2020 agus seoladh an tuarascáil dheiridh in Aibreán 2021. Chuir ENRanna agus eagraíochtaí tacaíochta íospartach sa dá dhlíonse cuid mhaith de na sonraí nua a cuireadh i láthair sa tuarascáil le moltaí a bhain leis an Meicníocht Atreoirthe Náisiúnta, bailiú sonraí uile na n-oileán, oiliúint do ghairmithe a bhíonn ag plé le híospartaigh feachtais gáinneála ar dhaoine agus ardú feasachta.

PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA

Foilsíodh Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus sainathníodh 65 ghníomh ar leithligh ann chun gáinneáil a chomhrac agus chun cabhrú le híospartaigh. Bhí na gníomhartha sin bunaithe ar an bhfreagairt i leith an Chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta agus ar an taithí idirnáisiúnta agus intíre go dtí seo agus tá foráil ann sa dara plean maidir le tionscnaimh nua chun aghaidh a thabhairt gháinneáil ar dhaoine de gach uile chineál.

Comhlánaíonn an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta seo ár gcuid gealltanais faoi Dhara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le UNSCR 1325 maidir le Mná, Síocháin




agus Slándáil agus na gealltanais sin atá leagtha amach in Achoimre Oibre an Phlean Náisiúnta maidir le Gnó agus Cearta an Duine.

Táthar ag leanúint den obair ar chur i bhfeidhm an phlean. Tá cuid mhór de na gníomhartha curtha i bhfeidhm, tá obair ar siúl chun roinnt eile a chur i gcrích agus tá ionstraimí nua beartais á n-athbhreithniú agus á dtabhairt isteach ar bhonn tráthrialta.

5. MEASÚNUITHE AGUS COMHOIBRIÚ IDIRNÁISIÚNTA

TUARASCÁIL 2020 NA STÁT AONTAITHE maidir le ‘DAOINE A GHÁINNEÁIL’

Déanann Roinn Stáit na Stát Aontaithe measúnú gach bliain ar ghníomhartha de chuid tíortha ar fud an domhain chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Cuireann na Stát Aontaithe tíortha i gceann amháin de cheithre leibhéal ar leith. Tá an leibhéal bunaithe ar mhéid iarrachtaí na rialtas lena mbaineann chun na caighdeáin atá socraithe le hAcht na Stát Aontaithe maidir le Cosaint Íospartach Gáinneála a chomhlíonadh ar mhaithe le deireadh a chur le gáinneáil ar dhaoine, ar caighdeáin iad atá i gcomhréir le Prótacal Palermo tríd is tríd, Is é Leibhéal 1 an rangú is airde agus is é atá sna leibhéil eile ná Leibhéal 2. Is é Leibhéal 1 an rangú is airde, agus is iad Leibhéal 2, Liosta Faire Leibhéil 2 agus Leibhéal 3 na leibhéil eile.



Sa Tuarascáil 2020 ar Gháinneáil ar Dhaoine², rinneadh Éire a rangú ar rátáil Liosta Faire Leibhéal 2. Léiríonn Liosta Faire Leibhéal 2 nach gcomhlíonann rialtas na hÉireann “íoschaighdeáin an Achta um Chosaint Íospartach Gáinneála go hiomlán ach go bhfuil iarrachtaí suntasacha á ndéanamh acu na caighdeáin sin a chomhlíonadh”. Léiríonn an rangú seo na deacrachtaí a bhíonn ag Éirinn (i dteannta le tíortha eile) agus í ag iarraidh ciontuithe a fháil maidir le gáinneáil. Níl monatóireacht idirnáisiúnta eile chomh criticiúil ar an bpointe seo, rud a léiríonn tuiscint ar na deacrachtaí a thagann chun cinn maidir le hionchúisimh lasmuigh de thimpeallacht áirithe na Stát Aontaithe.

² <https://www.state.gov/reports/2020-trafficking-in-persons-report/>

GRÚPA SANTA MARTA

Bunaíodh Grúpa Santa Marta sa bhliain 2014 agus is é atá ann ná comhghuaillíocht idirnáisiúnta príomhoifigeach póilíneachta agus easpaig as gach cearn den domhan atá ag obair in éineacht leis an tsochaí shibhialta chun deireadh a chur le gáinneáil ar dhaoine agus le sclábhaíocht an lae inniu. Laistigh de Ghrúpa Santa Marta, tá Éire i gceannas ar Thionscadal Muirí an Atlantaigh Thuaidh a bhfuil an Ríocht Aontaithe, an Spáinn agus an Phortaingéil páirteach ann freisin. Ina theannta sin, baineann an tionscadal seo le gáinneáil ar dhaoine sa tionscal muirí san Atlantach Thuaidh.

COMHAR TRASTEORANN

Tá údaráis na hÉireann ag obair go dlúth le comhghleacaithe forfheidhmithe dlí i dTuaisceart Éireann lena chinntiú go bhfuil cur chuige uile-oileáin againn i leith gníomhaíocht choiriúil eagraithe agus go bhfuil tiomantas ann i leith imscrúduithe trasteorann agus oiliúint trasghníomhaireachta.

Tá roinnt oibríochtaí lena ngabhann gné thrasteorann á gcur i gcrích faoi láthair ag an nGarda Síochána, ar oibríochtaí iad a bhfuil Seirbhís Phóilíneachta Thuaisceart Éireann páirteach iontu. Cuimsíonn na himscrúduithe ábhartha an dá eagraíocht Póilíní a dhíríonn ar Ghrúpaí Coireachta Eagraithe le naisc láidre le striapachas eagraithe agus gáinneáil ar dhaoine le haghaidh dúshaothrú gnéasach, ag oibriú ar oileán na hÉireann.

TASCFHÓRSA INTERPOL AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE (ITHT)

Leanann Éire de pháirt a ghlacadh i dTascfhórsa Interpol ar Gháinneáil ar Dhaoine. Is grúpa oibre idirnáisiúnta é sin do speisialtóirí forfheidhmithe dlí atá tiomanta i leith cosc a chur ar gháinneáil ar dhaoine ar leibhéal domhanda. Trí úsáid a bhaint as faisnéis, taighde, oideachas agus foghlaim a chomhroinntear, féachann an Tascfhórsa le modhanna imscrúdúcháin a chur ar aghaidh agus a fheabhsú a mhéid a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine.

Déanann an Tascfhórsa moltaí, rúin agus cur i láthair freisin do chomhdhálacha réigiúnacha Interpol agus dá Chomhthionól Ginearálta. Leanann Éire ag obair le Interpol lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as a Bunachair Sonraí '24 / 7', chun eolas agus faisnéis a bhaineann le cásanna áirithe a roinnt agus chun cabhrú le haonáin forfheidhmithe dlí eile, ar leibhéal idirnáisiúnta.

LÍONRA AE RAPÓIRTÉIRÍ NÁISIÚNTA NÓ SÁSRAÍ COIBHÉISEACHA AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE

D'fhreastail oifigigh shinsearacha na Roinne Dlí agus Cirt ar chruinnithe de Líonra Rapóirtéirí Náisiúnta agus Meicníochtaí Coibhéiseacha an AE (NREM) i mí Feabhra, Meitheamh agus Deireadh Fómhair 2020. Déanann na NREManna measúnuithe ar threochtaí na gáinneála ar dhaoine, agus tomhais torthaí na ngníomhartha frith-gháinneála, lena n-áirítear bailiú staitisticí i ndlúthchomhar le heagraíochtaí ábhartha na sochaí sibhialta atá gníomhach sa réimse seo, agus tuairisciú. Féachann an líonra le cur chuige straitéiseach nua AE a fhorbairt i gcoinne gáinneála ar dhaoine trí chur chuige cuimsitheach ó chosc trí íospartaigh a chosaint ar ionchúiseamh agus ciontú gáinneálaithe. I measc na mbeart a pléadh ar leibhéal Eorpach chun tacú níos fearr le cur i bhfeidhm na Treorach Frith-gháinneála sna Ballstáit, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann, bhí:

- Tacaíocht agus cosaint íospartach;
- Forfheidhmiú an dlí agus caingean breithiúnach agus comhar i gcoinne na coire;
- An choir a chosc ó tharlú

I measc na n-ábhar eile a pléadh bhí laghdú ar an éileamh a chothaíonn gáinneáil, éifeachtacht na reachtaíochta reatha, an tsamhail choiriúil a bhriseadh chun íospartaigh na gáinneála a sholáthar le haghaidh dúshaothraithe agus na híospartaigh, go háirithe mná agus leanaí, a chosaint agus a chumhachtú.

COMHORDAITHEOIRÍ NÁISIÚNTA FRITHGHÁINNEÁLA AGUS RAPÓIRTÉIRÍ

D'fhreastail ball den Roinn Dlí agus Cirt go fíorúil ar chruinniú bliantúil na gComhordaitheoirí Náisiúnta Frith-Gháinneála agus Rapóirtéirí nó Meicníochtaí Coibhéiseacha a chomh-agraíonn Comhairle na hEorpa agus OSCE i mí na Samhna 2020. Is ardán iad na cruinnithe seo chun tras-comhoibriú teorann agus comhpháirtíochtaí bríocha a thógáil agus ról lárnach a imirt i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm freagraí náisiúnta in aghaidh gáinneála.

AN LÍONRA EORPACH MAIDIR LE CEARTA ÍOSPARTACH (ENVR)

Idir 16 Samhain agus 16 Nollaig 2020 d'fhreastail baill den Roinn Dlí agus Cirt ar cheardlanna fíorúla iomadúla de chuid an Líonra Eorpaigh um Chearta Íospartach (ENVR) a chlúdaigh raon leathan ábhar dírithe ar íospartaigh. Is comhar é an ENVR idir saineolaithe Ballstát atá ag obair faoi rialú údaráis inniúla rialtais atá freagrach as cearta íospartaigh, ó gach Ballstát den AE. Is é príomhaidhm an ENVR bunachar eolais inbhuanaithe a fhorbairt go háirithe do ghairmithe agus do lucht déanta beartas atá ag gníomhú sa réimse chun tacú le híospartaigh na coireachta agus iad a chosaint, lena n-áirítear íospartaigh na gáinneála.

DUL CHUN CINN SA BHLIAIN 2020 - TIONSCADAIL FAOIN bPLEAN GNÍOMHAÍOCHTA NÁISIÚNTA

BUNÚ RAPÓIRTÉARA NÁISIÚNTA I LEITH GÁINNEÁIL AR DHAOINE A

CHOSC

I nDeireadh Fómhair na bliana 2020, ainmníodh an Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas go hoifigiúil mar Rapóirtéir Náisiúnta neamhspleách na hÉireann i leith Gáinneáil ar Dhaoine a Chosc agus tá an t-ainmniúchán sin á dhéanamh faoi airteagal 19 de Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le Gáinneáil ar Dhaoine. I measc fhreagrachtaí an Rapóirtéara Náisiúnta áireofar faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an bheartais náisiúnta i leith gáinneáil a chosc agus páirt ghníomhach a ghlacadh, ar leibhéal náisiúnta, i mbailiú sonraí maidir le gáinneáil ar dhaoine.

PRÓISEAS AITHEANTAIS ÍOSPARTACH - MEICNÍOCHT ATREORAITHE NÁISIÚNTA NUA

Mar chuid de phróiseas láithreach sainaitheanta íospartach, bíonn ar íospartaigh idirchaidreamh a dhéanamh leis an nGarda Síochána le gur féidir leo rochtain a fháil ar thacaíochtaí a sholáthraíonn an Stát agus ceaptar go bhféadfadh sé sin cosc a chur ar íospartaigh ionchasacha teacht chun cinn chun sainaitheant a lorg.

Le linn 2020, threoraigh an Roinn Dlí agus Cirt iarracht chomhoibritheach trasghearrthach agus ENR chun scrúdú a dhéanamh ar an mbealach is fearr le Meicníocht Atreoraithe Náisiúnta níos comhtháite agus níos dírithe ar íospartaigh a thabhairt isteach. Ar an 5 Bealtaine cheadaigh an Rialtas aistriú bunúsach chuig an gcur chuige reatha trí mhúnla nua aitheantais a thabhairt isteach, agus iontráil sa Mheicníocht Atreoraithe Náisiúnta, i gcás nach mbeidh an Garda Síochána freagrach as aithint na n-íospartach agus ina ionad sin tabharfar róil níos lárnaí do ghníomhaireachtaí Stáit eile. Tá obair shuntasach á déanamh anois ar an Roinn Dlí agus Cirt chun an tsamhail nua seo a chur i gcrích trí na nósanna imeachta oibríochta a fhorbairt agus ceanglais reachtacha a thabhairt isteach.

AONAD SEIRBHÍSE COSANTA RANNÁIN

Is aonaid speisialaithe Garda iad Aonaid Seirbhíse Cosanta Rannáin (DPSUanna) a théann i dteagmháil le híospartaigh leochaileacha go háirithe i gcineálacha speisialaithe coireachta, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, mí-úsáid leanaí, coir ghnéasach agus mí-úsáid teaghlaigh. Oibríonn DPSUanna lámh ar lámh le hAonad Imscrúdaithe agus Comhordaithe Gáinneála Daonna an Gharda Síochána agus lena rolladh amach deiridh in 2020, tá DPSUanna ar fáil anois i ngach Rannán Garda ar fud na tíre.

GRÚPA OIBRE ARDLAIBHÉIL AR GHÁINNEÁIL AR DHAOINE

I mí na Samhna 2019, bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (ODPP) agus an Garda Síochána Grúpa Ardleibhéil chun athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar na saincheistanna go léir a bhfuil; baint acu leis an gcreat reachtach oibríochtúil le haghaidh imscrúdú agus ionchúiseamh cásanna a bhfuil baint acu le gáinneáil ar dhaoine agus chun aon feabhsuithe riachtanacha a mholadh, lena n-áirítear feabhsuithe ar an reachtaíocht agus ar an oiliúint a sholáthraítear don phearsanra imscrúdúcháin. Chuir moltaí oiliúna a rinne an grúpa tús lena gcéad chéim in 2020, le sraith ceardlann d'fhoireann dlí Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus do Bhiúro Náisiúnta Seirbhíse Cosanta an Gharda Síochána (GNPSB) agus tá cumarsáid

níos fearr mar thoradh orthu nuair a bhíonn Gardaí réigiúnacha ag lorg sainchomhairle ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir lena n-imscrúduithe a dhéanamh agus comhaid a ullmhú le haghaidh ionchúisimh.

AN FÓRAM GEALLSEALBHÓIRÍ UM GHÁINNEÁIL AR DHAOINE

Bhunaigh an Roinn Dlí agus Cirt fóram d'íospartaigh agus do gheallsealbhóirí in 2020 chun bealaí feabhsúcháin a scrúdú maidir le gáinneáil ar dhaoine. Is éard atá san fhóram geallsealbhóirí eagraíochta Stáit, gníomhaireachta agus sochaí sibhialta ag obair le chéile chun tacaíochtaí a sholáthar d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine. Mar chomhlánú ar obair an fhóraithe, bunaíodh roinnt foghrúpaí le sainchomhaltaí chun ábhair mar an Mheicníocht Atreoraithe Náisiúnta, cóiríocht speisialaithe, athbhreithniú ar an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta reatha agus saincheisteanna tosaíochta eile a scrúdú.

CÓIRÍOCHT SPEISIALAITHE A SHOLÁTHAR

Faoi láthair, is é atá sa chleachtas atá ann ná go ndéantar íospartaigh na gáinneála a chur i gcóiríocht lánlóstín agus go soláthraíonn an tSeirbhís Idirnáisiúnta um Chóiríocht Chosantach seirbhísí foghabhálacha dóibh. Cé gur cóiríocht de chineál solúbtha, daingean atá ann, agus go n-oibríonn sí go maith i dtaca le gníomhaithe eile Stáit de, aithnítear gurb é atá sa chleachtas is fearr ná íospartaigh a lonnú in ionaid speisialtóireachta ina bhfaighidh siad cúram speisialtóireachta agus ina mbeidh siad in ann tacú lena chéile.

Ar fud na bliana 2020, tá caidreamh ar siúl ag an Roinn Dlí agus Cirt agus ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha lena fháil amach an bhfuil réiteach praiticiúil ar fáil i leith shaincheist na cóiríochta, ar réiteach é a bheadh faoi cheannas Eagraíochtaí Neamhrialtasacha agus ar réiteach é a oireann go háirithe d'íospartaigh bhaineanna na gáinneála gnéasaí, ar grúpa iad sin a mbaineann leochaileacht ar leith leo. Tá an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Comhtháthaithe agus Óige ag tabhairt seo ar aghaidh anois i gcomhthéacs an athbhreithnithe níos leithne ar Sholáthar Díreach agus táthar ag súil go mbeidh réiteach ar fáil go luath.

IMEACHTAÍ MÉADAITHE FEASACHTA

LÁ FRITHGHÁINNEÁLA DAOINE AN AONTAIS EORPAIGH

Ar an 12 Deireadh Fómhair 2020 d'fhógair an tAire McEntee agus an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce Éireann seoladh tionscnamh feasachta poiblí in aghaidh gháinneáil ar dhaoine. Áiríodh leis an tionscnamh seo bearta ardaithe feasachta ar na meáin shóisialta agus i bpríomh-mhoil iompair, chun na teachtaireachtaí a chur in iúl gur coir í an gháinneáil ar dhaoine agus gur féidir leas a bhaint as duine ar bith, agus chun cumhacht a thabhairt don phobal comharthaí a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a aithint. Tugadh faoi le tacaíocht ó roinnt gníomhaireachtaí stáit eile agus eagraíochtaí neamhstáit. Chuir an feachtas “#Anyone can be exploited” an teachtaireacht in iúl gur coir í an gháinneáil ar dhaoine, go bhfuil sí ag tarlú i ngach áit, lena n-áirítear in Éirinn, agus go gcaithfidh go léir dul i dtaithe ar chomharthaí na gáinneála;

Seoladh láithreán gréasáin nua, www.anyonetrafficked.com, i gcomhar leis an tionscnamh seo, chun aird a tharraingt ar infhaighteacht tacaíochtaí agus seirbhísí d'íospartaigh ón stát chomh maith le heagraíochtaí pobail agus deonacha atá gníomhach san earnáil seo. Tionóladh seimineár gréasáin poiblí arna óstáil ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Imirce Éireann agus an Roinn Dlí agus Cirt ar an 1 Deireadh Fómhair chun plé agus aghaidh a thabhairt ar thábhacht meicníochtaí atreoraithe náisiúnta éifeachtacha d'íospartaigh na gáinneála a bhí ina réamhrá maith don Fheachtas.

Bhí an feachtas le feiceáil ar ardáin na meán sóisialta ón 9 Deireadh Fómhair agus lean sé ar aghaidh ag druidim le Lá Eorpach um Gháinneáil ar Dhaoine ar an 18 Deireadh Fómhair, lá tábhachtach feasachta san fhéilire agus féachann sé le malartú faisnéise, eolais agus dea-chleachtas a mhéadú i measc aisteoirí atá ag obair i réimse na Gáinneála ar Dhaoine. Sheol an Feachtas fógraí póstaer ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, calafoirt agus moil iompair eile ón 19 Deireadh Fómhair a lean ar aghaidh don chuid eile den mhí.

LÁ DOMHANDA I gCOINNE GÁINNEÁLA AR DHAOINE

Ar an 30 Iúil 2020, mharcáil an tAire Dlí agus Cirt Helen McEntee TD Lá Domhanda i gcoinne Gáinneála ar Dhaoine le preasráiteas sna meáin ag cur béim ar iarrachtaí na hÉireann chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac sa bhaile agus le comhpháirtithe thar lear. Chuir an tAire béim air go n-oibríonn an Roinn Dlí agus Cirt agus an Garda Síochána i gcomhar le raon leathan comhpháirtithe ar fud na seirbhíse poiblí chun cúram agus tacaíocht phraiticiúil a sholáthar d'íospartaigh gáinneála lena n-áirítear Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), an Bord um Chúnadh Dlíthiúil, an tSeirbhís Inimirce agus Tusla agus go gcuireann an Roinn maoiniú ar fáil do ENRanna as a gcuid oibre chun tacaíocht a sholáthar d'íospartaigh na gáinneála. Leanfadh Éire ag obair i gcomhpháirt lenár gcomhpháirtithe atá gníomhach ar an gceist seo i bhfóraim idirnáisiúnta lena n-áirítear na Náisiúin Aontaithe, Comhairle na hEorpa, OSCE agus an tAontas Eorpach, agus choimeádfadh sí dlúthchaidreamh oibre, go háirithe, le hEagraíocht Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe um Imirce (IOM) a ghlacann páirt inár bhFóram d'íospartaigh Gáinneála ar Dhaoine.

FEACHTAS ARDAITHE FEASACHTA RUHAMA MAIDIR LE COIRPIÚ CEANNACH GNÉIS

Foráiltear le Cuid 4 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017 do dhá chion nua maidir le hóc as gníomhaíocht ghnéasach le striapachas agus íoc as gníomhaíocht ghnéasach le duine a ndearnadh gáinneáil air. Tá na bearta seo agus bearta eile a tugadh isteach le Cuid 4 d'Acht 2017 mar chuid d'iarrachtaí an Rialtais díriú ar an éileamh ar striapachas agus déantar iad a threisiú trí iarrachtaí feasachta agus oibríochtaí Garda a bhfuil poiblíocht mhaith déanta orthu.

In 2019 mhaoinigh an Roinn Dlí agus Cirt suim €96,050 do Ruhama chun feachtas feasachta a chur i gcrích maidir le coiriúla a dhéanamh ar ghnéas a cheannach. Ritheadh an feachtas seo go dtí 23 Meitheamh 2020. Is ENR é Ruhama a oibríonn le mná a raibh tionchar ag striapachas orthu agus cineálacha eile dúshaothraithe gnéis tráchtála lena n-áirítear íospartaigh na gáinneála gnéis agus iad siúd a raibh taithí acu roimhe seo ar striapachas/gáinneáil gnéis. Is é Ruhama an t-aon eagraíocht neamhrialtasach tosaigh in Éirinn a oibríonn go sonrach chun tacú le duine ar bith a bhfuil na heispéiris seo aige ar fud na tíre. Oibríonn Ruhama freisin chun dearcaí, cleachtais agus beartais an phobail a athrú a ligeann do dhúshaothrú na mban trí gháinneáil agus striapachas leanúint ar aghaidh.

Chuir an feachtas náisiúnta um ardú feasachta seo le feasacht agus tuiscint an phobail ar an dúshaothrú is gné dhílis den trádáil ghnéis agus leochaileachtaí na ndaoine a shaothraítear inti, agus aibhsíodh go sonrach gur coir anois gnéas a cheannach. Thóg an feachtas ar éachtaí an fheachtais bhunaidh ‘We Don't Buy It’ (WDBI), a choimisiúnaigh Ruhama agus an Roinn Dlí agus Cirt lena gcomhpháirtithe in 2015. Forbraíodh an feachtas seo i gcomhar le Lónra Forbartha na bhFear, SPACE International agus an tIonad um Fhoréigean Gnéasach i gCorcaigh.

FEACHTAIS ARDAITHE FEASACHTA MAOINITHE AG AN ROINN DLÍ AGUS CIRT

I mí Lúnasa 2020 chuir an Roinn Dlí agus Cirt glaoch ar eagraíochtaí neamhrialtasacha agus geallsealbhóirí san earnáil frith-gháinneála ar dhaoine le haghaidh iarratas ar thacaíocht airgeadais do thionscnaimh a dhíríonn ar ardú feasachta agus oiliúint d’fhoireann túslíne, stáit, údarás áitiúil, an tsochaí shibhialta maidir le gáinneáil ar dhaoine - cad le faire amach dó, cad atá le déanamh, cá háit le cúnaimh a fháil.

Ceadaiódh €28,754 d’**Ionad Cearta Imirceach Éireann** chun acmhainní faisnéise agus oiliúint a fhorbairt ar fheasacht ar Gháinneáil ar Dhaoine le haghaidh dúshaothrú saothair. Áirítear leis seo oiliúint a sholáthar d’fhoireann túslíne agus d’oibríthe deonacha lena n-áirítear iad siúd in Ionaid Faisnéise do Shaoránaigh, eagraíochtaí neamhrialtasacha, Grúpaí Pobail agus Ceardchumann. Déantar soláthar leis an maoiniú freisin chun oibrí tionscadail breise a fhostú.

Ceadaiódh €35,000 do **Chomhairle Inimircigh na hÉireann** chun modúil oiliúna tosaigh agus ard-oiliúint ar líne a fhorbairt agus a sheachadadh ar ardú feasachta ar gháinneáil ar dhaoine in Éirinn. Seachadtar na modúil seo do chleachtóirí túslíne a mbíonn íospartaigh ionchasacha gáinneála orthu go díreach nó go hindíreach.

Ceadaiódh €20,398 do **MECPATHS** chun oideachas ar líne agus ardú feasachta ar gháinneáil ar dhaoine in Éirinn a fhorbairt agus a sheachadadh do ghairmithe túslíne agus do mhic léinn laistigh de na hearnálacha fáilteachais agus seirbhísí. Tar éis an rath tosaigh tá sé seo le tabhairt isteach anois san earnáil Eitlíochta.

Ceadaiódh €23,552 do **DORAS** chun acmhainní oiliúna agus faisnéise a fhorbairt agus a sheachadadh ar ardú feasachta ar gháinneáil ar dhaoine atá dírithe ar bhaill foirne túslíne agus ar oibríthe deonacha chun acmhainn a thógáil. Déantar foráil sa mhaoiniú freisin chun comhordaitheoir frith-gháinneála a fhostú chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an tionscadail a dhíreoidh orthu siúd atá lonnaithe i réigiún an iarthair láir.

LÁITHREÁN GRÉASÁIN ‘BLUE BLINDFOLD’

Ar an 6 Aibreán 2018, sheol an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Charlie Flanagan TD, leagan athchóirithe den láithreán gréasáin ‘Blue Blindfold’, www.blueblindfold.gov.ie. Cuireann láithreán gréasáin Blue Blindfold, blueblindfold.gov.ie, béim ar choir na gáinneála ar dhaoine ag soláthar forbheathnú so-úsáidte ar an gcaoi a léirítear an choir in Éirinn, conas is féidir le baill an phobail comharthaí na gáinneála a fheiceáil agus a thuairisciú, agus an chaoi a dtacaíonn an Stát leis na daoine sin nuair a dhéantar iad a aithint. Ardaíonn láithreán gréasáin Blue Blindfold feasacht an phobail freisin ar a bhfuil i ngáinneáil ar dhaoine, chun éileamh ar sheirbhísí íospartaigh dúshaothrú gnéasach agus saothair a dhíspreagadh agus chun minicíocht iarbhír na

gáinneála ar dhaoine in Éirinn a fháil amach.

Spreagann móitíf an ‘Blue Blindfold’ daoine den phobal gan neamhshuim a dhéanamh de chomharthaí na gáinneála ar dhaoine. Tá earraí agus ábhar ardaithe feasachta ar an láithreán gréasáin ag úsáid lógó Blue Blindfold atá ar fáil ach é a iarraidh ar an Roinn Dlí agus Cirt. Is iondúil go dtagann iarratais ar ábhair den sórt sin ó institiúidí oideachais agus ó ghrúpaí feasachta réigiúnacha.

Spreagann láithreán gréasáin Blue Blindfold daoine chun amhras a thuirisciú a bhaineann le striapachas, drúthlann agus íospartaigh amhrasta gáinneála ar dhaoine agus naisc chuig seoladh ríomhphoist le tacaíocht ón nGarda, blueblindfold@garda.ie, a láimhseáiltear gan ainm agus le rúndacht dhian. Coinníonn an Roinn Dlí agus Cirt láithreán gréasáin Blue Blindfold a bhfuil príomhfhreagracht uirthi as freagairt an Rialtais ar choir na gáinneála ar dhaoine a chomhordú agus a fhorbairt.

Nuashonraíodh suíomh Gréasáin Blue Blindfold in 2020 le comhéadan nua atá éasca le húsáid, faisnéis athbhreithnithe agus nuashonraithe agus sonraí teagmhála. Cuireadh tuilleadh faisnéise teagmhála le soláthraithe seirbhíse túslíne ENR san earnáil foréigin teaghlaigh agus gnéis.

OILIÚINT

GNÍOMHAÍOCHTAÍ OILIÚNA

Féachann Éire le dea-chleachtas a bhaint amach maidir lena cur chuige íospartach-láraithe i leith gáinneáil ar dhaoine a chomhrac. Chuige sin, déanann na húdaráis iomchuí in Éirinn oiliúint frithgháinneála ar dhaoine de chineálacha saineúla éagsúla a mhaoiniú agus a sholáthar. Mar chuid den oiliúint sin, leagtar béim ar leith ar shainithint íospartach amhrasta na gáinneála ar dhaoine agus ar chúnamh cuí a chur ar fáil do na híospartaigh sin. Tá ról ceannasach ag an nGarda Síochána maidir leis an bpróiseas sin.

Déanann an tAonad um Imscrúdú agus um Chomhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine oiliúint atá bainteach le gáinneáil ar dhaoine a sholáthar do chomhaltaí ar promhadh de chuid an Gharda Síochána mar chuid den chroí-churaclam oiliúna a chuirtear ar fáil dóibh i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána sa Teampall Mór, Co. Thiobraid Árann. Is é is cuspóir dó sin ná feasacht a chruthú i measc Gardaí ar Promhadh maidir leis an tábhacht a bhaineann le leochaileacht daoine atá bainteach le trádáil an ghnéis a shainithint agus maidir leis an tábhacht a bhaineann le déileáil go cuí leis na daoine sin.

Faoi dheireadh 2019, bhí oiliúint lárnach a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine ar fáil do cheithre mhíle, naoi gcéad seasca a trí (4,963) ball den Gharda Síochána. Mar gheall ar an bpaindéim COVID-19, áfach, rinneadh cinneadh tosaigh líon mór oiliúnaithe agus teagascóirí a bhí lonnaithe i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána a imscaradh chun dualgais túslíne mar chuid den phlean póilíneachta náisiúnta chun tacú leis na treoirlínte sláinte poiblí chun leathadh COVID-19 a chur faoi chois.

I measc na n-athruithe a tugadh isteach ar an gcóras oiliúna bhí earcaigh nua ag tabhairt faoin gcuid is mó dá gcuid oideachais óna dtithe ar ardán r-fhoghlama sula bhfuair siad taithí phraiticiúil ar phóilíneacht túslíne, agus ar an gcaoi sin an riosca go scaipfeadh ionfhabhtú i gColáiste Oiliúna an Gharda Síochána a íoslaghdú agus ligean don Gharda Síochána a chinntiú go bhfuil pearsanra

breise ar fáil ar an líne tosaigh.

Pléann an oiliúint a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine le saincheistanna cosúil le sainathint íospartach, ardú feasachta, reachtaíocht ábhartha agus freagrachtaí a chuirtear ar an nGarda Síochána sa Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac.

Taobh amuigh d'oiliúint lárnach a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine, cuirtear sainoiliúint ar gháinneáil ar dhaoine ar fáil freisin agus faoi dheireadh 2019, bhí an tsainoiliúint seo faighte ag míle, ceithre chéad ochtó a naoi (1,489) ball den Gharda Síochána agus ag daoine eile chun pearsanra túslíne agus oibríochta a chumhachtú tuilleadh chun gáinneáil ar dhaoine a aithint agus tabhairt faoi imscrúduithe ábhartha. Ar an drochuair, mar gheall ar shrianta COVID-19, cuireadh isteach ar an tsainoiliúint seo agus ní fhéadfaí í a sholáthar do bhaill nua in 2020.

Glacann an tAonad um Imscrúdú agus Comhordú Gáinneála ar Dhaoine páirt freisin i gcúrsaí um fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus, ó bunaíodh é in 2015, tá sainoiliúint faighte ag baill an Aonaid um Imscrúdú agus Comhordú ar Gháinneáil ar Dhaoine ó Europol, Interpol, CEPOL, an Coimisiún Eorpach agus an FBI, chomh maith le páirt a ghlacadh i gcomhghníomhaíochtaí oiliúna gáinneála ar dhaoine le húdaráis na Ríochta Aontaithe agus le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann.

I mí na Samhna 2020, chuaigh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i gcomhpháirtíocht le hAmbasáid na Stát Aontaithe le haghaidh roinnt Seimineár Gréasáin um Gháinneáil ar Dhaoine arna óstáil ag Aonad Ionchúiseamh Gáinneála Daoine na Roinne Dlí agus Cirt. Ar an 12ú de Shamhain, bhí an seimineár gréasáin leagtha amach chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a bhaineann le hoifigigh na Roinne Dlí agus Cirt agus eagraíochtaí neamhrialtasacha san earnáil frith-gháinneála ar dhaoine agus ar an 13ú de Shamhain, bhí an seimineár gréasáin leagtha amach d'oifigigh na Roinne Dlí agus Cirt agus gníomhaireachtaí eile sa chóras ceartais choiriúil amháin (ionchúisitheoirí, imscrúdaitheoirí, An Garda Síochána). Áiríodh sa seimineár gréasáin oiliúna forbhreathnú ar threochtaí le déanaí i ngáinneáil ar dhaoine, plé ar chomhordú i measc gníomhaireachtaí éagsúla agus seisiún ar an airgead a leanúint chun lucht déanta na gáinneála a aithint. Bhí seisiún ceisteanna & freagraí ar na cleachtais is fearr sna seisiúin freisin.

Ina theannta sin, d'fhreastail baill den Bhord um Chúnaimh Dlíthiúil ar roinnt seimineár agus seimineár gréasáin gáinneála ar dhaoine i rith 2020 agus chuir Ruhama, ENR atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath a oibríonn ar leibhéal náisiúnta le mná a raibh tionchar ag striapachas agus ag cineálacha eile dúshaothraithe gnéis tráchtála orthu, oiliúint ar líne maidir le gáinneáil ar ghnéas agus striapachais ar fáil do bhaill na Roinne Dlí agus Cirt ag díriú ar na haitheantóirí agus na tacaíochtaí is gá agus iad ag obair le daoine a dúshaothraíodh trí gháinneáil ar ghnéas agus striapachas. Chuir an oiliúint tuiscint ar fáil ar na saincheistanna a bhíonn ag íospartaigh na gáinneála gnéis agus an striapachais agus conas freagairt i gceart.

TAIGHDE

TIONSCADAL HTEPII

Cuireadh tús le Tionscadal na Gáinneála ar Dhaoine agus an Dúshaothraithe in oileán na hÉireann (HTEPII - tionscadal Santa Marta) i mí a Mheithimh 2018 agus bhí Coláiste Oideachais Mhuire Gan Smál i gceannas air. Fuair an tionscadal taighde sin páirtmhaoiniú ón nGarda Síochána agus faigheann sé tacaíocht ón Roinn Dlí agus Cirt.

Tá an tionscadal dírithe ar thacair shonraí ardcháilíochta atá in Éirinn maidir le gáinneáil ar dhaoine a shainaithint; ar fheabhas a chur ar an bhfaisnéis atá ann faoi láthair; ar chomhoibriú a dhéanamh le hEagraíochtaí Neamhrialtasacha; ar anailís a dhéanamh ar shonraí faoi gháinneáil ar dhaoine agus faoi fhaisnéis maidir le sclábhaíocht; ar cheardlanna a reáchtáil chun faisnéis mhéadaithe feasachta a scaipeadh ar chomhlachtaí amhail scoileanna agus institiúidí; agus ar thuarascáil agus lámhleabhar a chur ar fáil.

Lean an obair ar aghaidh i rith 2020 agus seoladh an tuarascáil dheiridh in Aibreán 2021. Chuir ENRanna agus eagraíochtaí tacaíochta íospartach sa dá dhlínse cuid mhaith de na sonraí nua a cuireadh i láthair sa tuarascáil ar fáil mar aon le moltaí a bhain leis an Meicníocht Atreoraithe Náisiúnta, bailiú sonraí uile an oileáin, oiliúint do ghairmithe a bhíonn ag plé le híospartaigh feachtais gáinneála ar dhaoine agus ardú feasachta.

DEARCADH ÍOSPARTACH MAIDIR LE GÁINNEÁIL AR MHAITHE LE DÚSHAOTHRÚ GNÉASACH IN ÉIRINN

I mí Lúnasa 2020, thug Ollscoil Mhá Nuad tionscadal taighde chun críche ina ndearnadh scrúdú ar dhearcthaí íospartach i leith gáinneáil ar mhaithe le dúshaothrú gnéasach in Éirinn, ar a dtuairim agus ar a dtuiscint i dtaca leis an gcóras breithiúnach agus i dtaca leis an Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017, agus d'fhonn comhthéacs dlíthiúil, beartais agus teoiriciúil na gáinneála gnéasaí in Éirinn a mhapáil.

GOSHH (Inscne, Gnéaschlaonadh, Sláinte Ghnéis agus HIV)

Rinne GOSHH (Inscne, Gnéaschlaonadh, Sláinte Ghnéis agus HIV) agus Ollscoil Luimnigh tionscadal chun iniúchadh a dhéanamh ar na leibhéil feasachta agus “fios gnó” atá ann faoi láthair maidir le coir na reachtaíochta gnéis a cheannach i measc oibrithe gnéis marthanais a críochnaíodh i mBealtaine 2020.

TIONSCADAL TAIGHDE UM DHÚSHAOTHRÚ GNÉASACH (SERP)

Foilsíodh an Tionscadal Taighde um Dhúshaothrú Gnéasach (SERP) i mí na Samhna 2020 agus rinne an Scoil um Beartas Sóisialta, Obair Shóisialta agus Ceartas Sóisialta, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath é. Chuir an tionscadal sonraí eimpíreacha ar fáil maidir le taithí na mban i dtrádáil gnéis tráchtála agus freagairt an chórais ceartais choiriúil i gcomhthéacs an dlí nua. Síníodh an comhaontú don tionscadal seo i mí an Mheithimh 2019 agus rith sé ar feadh bliana. Bhí an tionscadal seo bunaithe go mór ar fhaisnéis a bhí ag Foireann Frith-Gháinneála ar Dhaoine Feidhmiúcháin na Seirbhíse Sláinte agus ar obair a rinneadh cheana faoi chomhthionscadal taighde roimhe seo de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/na Roinne Dlí agus Cirt le linn 2018.

ATHBHREITHNIÚ AR AN ACHT UM AN DLÍ COIRIÚIL (CIONTA GNÉASACHA) 2017

Leanadh le hobair sa bhliain 2020 ar an athbhreithniú ar Alt 25 den Acht um an Dlí Coiriúil (Cionta

Gnéasacha) 2017 lenar cruthaíodh an cion maidir le seirbhísí gnéasacha a cheannach. Mar chuid den athbhreithniú, déanfar measúnacht ar thionchar agus ar éifeachtacht na forála sin. In Éirinn, tá dlúthcheangal ann idir striapachas agus dúshaothrú ban leochaileach agus leanáil leochaileacha agus beidh coinníollacha sainráite ann i leith scrúdú a dhéanamh ar an nasc idir striapachas agus gáinneáil ar dhaoine. Ba é ceann de chuspóirí na mbeart seo cosaint bhreise a sholáthar do dhaoine a bhfuil baint acu le striapachas, go háirithe daoine leochaileacha agus íospartaigh na gáinneála ar dhaoine. Ligeann na bearta seo do dhaoine atá ag obair sa tionscal striapachais faisnéis a sholáthar do na Gardaí ar, mar shampla, foréigean ina leith ag cliaint, gan ionchúiseamh a chur i mbaol as seirbhísí gnéis a dhíol.

MAOINIÚCHÁN

MAOINIÚCHÁN NA ROINNE DLÍ AGUS CIRT

De réir an Dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta chun Gáinneáil ar Dhaoine in Éirinn a Chosc agus a Chomhrac, tugtar gealltanas go gcinnteoidh an Roinn go mbeidh maoiniúchán ar fáil d'Eagraíochtaí Neamhrialtasacha atá gníomhach i réimse na gáinneála ar dhaoine. Tríd an ngealltanas sin, tugtar aitheantas don ról atá ag Eagraíochtaí Neamhrialtasacha maidir le cabhrú le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine rochtain a fháil ar na tacaíochtaí riachtanacha chun cabhrú leo téarnamh ón uafás a d'fhulaing siad.

Tá maoiniúchán ar fáil ar bhonn bliantúil i gcás eagrúcháin den sórt seo a leanas:

- Eagraíochtaí a oibríonn próiseas struchtúrtha maidir le measúnú, réamh-shainnithint íospartach ionchasach agus tarchurtha chuig an Meicníocht Náisiúnta Atreorúcháin
- Eagraíochtaí a chabhraíonn le daoine a imíonn as staideanna gáinneála
- Eagraíochtaí a thacaíonn le híospartaigh tacaíochtaí cúitimh, tithíochta, sláinte agus géarchéime a fháil
- Eagraíochtaí a dhéanann bainistíocht agus maoirseacht ar chásanna, lena n-áirítear tuairisciú don Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais ar bhonn sceidealaithe
- Eagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí iomchuí eile

In 2020 chuir an Roinn Dlí agus Cirt €687,254³ san iomlán ar fáil do ENRanna atá gníomhach i réimse na gáinneála ar dhaoine, méadú 51% ar an leithdháileadh maoinithe do 2019.

Sa bhliain 2020, chuir an Roinn maoiniúchán ar fáil do na hEagraíochtaí Neamhrialtasacha seo a leanas:

³ Is méadú 51% é seo ar an mbliain 2019

Eagraíocht	Maoiniú Leithdháilte
Ruhama	€350,000
Maoiniú Breise Ruhama COVID-19	€19,000
Tionscadal Ardaithe Feasachta Ruhama	€96,050
Ionad Chearta na nImirceach in Éirinn	€84,500
Tionscadal Ardaithe Feasachta Ionad um Chearta Imirceach	€28,754
Tionscadal Ardaithe Feasachta Chomhairle Inimirceach na hÉireann	€35,000
Tionscadal Ardaithe Feasachta MECPATHS	€20,398
Tionscadal Ardaithe Feasachta DORAS	€23,552
Feachtas ardú feasachta IOM Anyone	€30,000 (don fheachtas feasachta amháin)
Méid iomlán maoinithe bronnta in 2020	€687,2544